C/2024/3842

14.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11532 - ICG / HOLDING URIACH / URIACH / INELDEA)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3842)

1. An 10 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Intermediate Capital Group plc ('ICG', an Ríocht Aontaithe),

— Corporación J. Uriach, S.A. ('Holding Uriach', an Spáinn),

— Grupo J. Uriach, S.L.U. ('Uriach', an Spáinn),

— PAM Invest-Ineldea Santé SAS ('Ineldea', an Fhrainc).

Gheobhaidh ICG agus Holding Uriach rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Uriach agus Ineldea ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir sócmhainní malartacha domhanda é ICG i gcothromas struchtúrtha agus príobháideach, i bhfiachas príobháideach, i sócmhainní réadacha agus i gcreidmheas, agus tá sé bunaithe sa Ríocht Aontaithe agus tá láithreacht aige san Eoraip, san Áise Ciúin agus sna Stáit Aontaithe,

— Is é Holding Uriach an chuideachta sealbhaíochta trína gcoinníonn daoine de theaghlach Uriach a leas in Uriach. Níl ann ach cuideachta sealbhaíochta nach ndéanann aon ghníomhaíochtaí, agus faoi láthair tá smacht aonair aici ar Uriach,

— Tá Uriach, ar le grúpa cuideachtaí (Grúpa Uriach) é, gníomhach i dtráchtálú foirmeacha críochtháirgí cógasaíochta thar an gcuntar (OTC) agus i bhforbairt agus tráchtálú táirgí cúraim sláinte do thomhaltóirí, amhail forbhianna, cosmaidí chomh maith le táirgí nádúrtha a dháiltear trína ardán ar líne, 'Naturitas'. Tríd an ardán sin, cuireann sé réimse leathan earraí ar fáil, lena n-áirítear forlíontaí bia, cosmaidí, táirgí baile, táirgí a bhaineann le leanaí, agus táirgí bia nádúrtha / orgánacha,

— Tá Ineldea, ar cuid de ghrúpa cuideachtaí (Grúpa Ineldea) é, gníomhach i bhforbairt agus tráchtálú forbhianna nádúrtha, cosmaidí, táirgí cúraim phearsanta agus táirgí gaolmhara eile, go príomha sa Fhrainc ach i roinnt Ballstát de chuid an Aontais freisin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11532 - ICG / HOLDING URIACH / URIACH / INELDEA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË